OLLÚNACHT SHINSEARACH
SCOIL NA LÉINN CHEILTIGH

**Gnáthshonraí**

Tá sé i gceist ag Bord Rialaithe Scoil an Léinn Cheiltigh iarraidh ar an Rialtas Ollamh Sinsearach a cheapadh sa Scoil le tosú i ndeireadh an tSamhraidh nó go luath san Fhómhar 2025. Tá an Bord ag lorg scoláire atá tiomanta do réimse an Léinn Cheiltigh a bhfuil taifead taighde agus foilseacháin den chéad scoth acu agus taithí chruthaithe ar ardtaighde a stiúradh. Ós rud é go mbeidh sé i gceist go nglacfaidh an t-iarrthóir rathúil le Stiúrthóireacht na Scoile i sealaíocht le hOllúna Sinsearacha eile, tá taifead cruthaithe de cheannaireacht acadúil i roinn ollscoile thar a bheith inmhianaithe Ba bhuntáiste ar leith é taifead ar mhaoiniú a mhealladh le haghaidh tionscadail taighde foirne.

**Eolas ar an Scoil agus ar IALBÁC**

Bunaíodh Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath (IALBÁC) go reachtúil sa bhliain 1940 chun buntaighde a chur chun cinn agus chun ardmhic léinn a oiliúint i modhanna taighde. Trí Scoil atá faoi láthair in IALBÁC: Scoil an Léinn Cheiltigh, Scoil na Fisice Cosmaí agus Scoil na Fisice Teoiriciúla. Tá an IALBÁC arna mhaoiniú ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus tuairiscíonn sí go díreach don Roinn sin.

Is é misean IALBÁC:

- Teorainneacha na tuisceana reatha i ndisciplíní na speisialtóireachtaí againne a bhrú chun cinn agus taighde bunúsach a dhéanamh de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta is airde.
- A chur ar chumas taighdeoirí ag gach céim dá ngairmré a n-acmhainneacht taighde a fhorbairt agus a chomhlíonadh, agus scoláirí cumasacha a oiliúint san ardtaighde.
- Spás neodrach taighde agus timpeallacht intleachtúil fhabhrach a chur ar fáil do thaighdeoirí áitiúla agus idirnáisiúnta chun tabhairt faoi ardtaighde, a gcuid smaointe a iniúchadh, agus dul i mbun machnaimh gan srian.

Tá Comhairle IALBÁC, an chomhlacht corporáideach atá ag an Insitiúid, freagrach as gnáthrialachas na heagraíochta chomh maith lena cuid gnóthaí airgeadais agus riaracháin. Is iad baill na Comhairle: Cathaoirleach, arna cheapadh ag an Uachtarán,ar chomhairle an Rialtais, triúr ball *ex-officio* – Propast Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Uachtarán an Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath agus Uachtarán Acadamh Ríoga na hÉireann – agus seisear comhaltaí arna gceapadh ag Boird Rialaithe na dtrí Scoil.

Feidhmíonn na Scoileanna faoi rialú agus faoi bhainistíocht Bhord Rialaithe neamhspleách. Tá na Boird freagrach as an gclár taighde agus as foireann acadúil na Scoile. Ceapann an tUachtarán, ar chomhairle ón Rialtas, an Cathaoirleach agus roinnt comhaltaí seachtracha. Is comhaltaí *ex-officio* den Bhord iad Ollúna Sinsearacha na Scoile. Ceapann an Bord duine de na hOllúna Sinsearacha ina Stiúrthóir ar an Scoil ar feadh téarma trí bliana. Caithfidh gach scoil tuarascáil bhliantúil a chur ar fáil faoina cuid gníomhaíochtaí agus léacht phoiblí amháin a thairiscint in aghaidh na bliana ach, taobh amuigh de sin is faoin Scoil féin a cuid taighde agus a cuid oiliúna a chur i gcrích faoi stiúir an Bhoird.

Tá IALBÁC arna mhaoiniú trí dheontas bliantúil ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Gintear ioncam breise, go príomha, ach ní go heisiach, ó dhíolachán foilseachán i gcás Scoil an Léinn Cheiltigh. Sna Scoileanna eile faightear ioncam seachtracha breise go príomha ó dhámhachtainí aonair agus ó mhaoiniú tionscadail.

**Ról an Ollamh Sinsearach**

Ní mór d'Ollúna Sinsearacha a gcuid ama agus a n-ábaltachta a chaitheamh chun an obair, atá leagtha amach don Scoil san Acht um Institiúid Ard-Léinn 1940 agus an tOrdú um Bunú Scoile, a chur chun cinn agus gach aon dualgas a chuireann Bord Rialaithe na Scoile nó Stiúrthóir na Scoile orthu a chomhlíonadh mar is cuí.

**An post seo**

I measc príomhréimsí an Léinn Cheiltigh sa Scoil faoi láthair tá teangeolaíocht na Luath-Ghaeilge agus na Nua-Ghaeilge, taighde ar théacsanna Luath-Ghaeilge agus Nua-Ghaeilge Moiche, pailéagrafaíocht agus staidéar lámhscríbhinne, saol agus institiúidí meánaoiseacha na hÉireann, agus fileolaíocht na Breatnaise agus na hInd-Eorpaise.

Tá sainréimse na speisialtóireachta sa Léann Ceilteach fágtha oscailte don phost seo. Mar sin féin, caithfidh inniúlacht taighde bunaithe, i gceann amháin nó níos mó do theangacha Ceilteacha, a bheith ag an iarrthóir rathúil agus beifear ag súil go nglacfaidh siad ról ceannaireachta i gcláir leanúnacha oideachais agus foilsithe IALBÁC. I measc samplaí de na cinn deiridh is ea ardsheimineáir teanga a theagasc laistigh de SLC agus Scoil Samhraidh IALBÁC, agus ról ceannasach eagarthóireachta a ghlacadh i gcláir foilsitheoireachta ar nós Sraith na Luath-Ghaeilge IALBÁC , Sraith Dhlithe na Luath-Ghaeilge IALBÁC nó maoirsiú ar dhul chun cinn saothar eile trí phróiseas foilseacháin na Scoile.

Is é an príomhchúram a bhaineann leis an bpost ná torthaí an bhunthaighde sa Léann Ceilteach a fhoilsiú, meantóireacht a dhéanamh ar scoláirí iardhochtúireachta, ardseimineáir agus ranganna a thabhairt, teagasc i Scoileanna Samhraidh agus cuidiú le clár foilseacháin na Scoile agus le tionscnaimh leanúnacha eile. Ach amháin sa chás go gceadódh Bord Comhairle IALBÁC, le cead ó Bhord Rialaithe na Scoile a mhalairt, is leis an Scoil amháin torthaí an taighde a d'eascair as an obair a rinne an tOllamh Sinsearach.

Is post lánaimseartha é an tOllamh Sinsearach. Ní fhéadfaidh Ollamh Sinsearach tabhairt faoi obair ghairmiúil lasmuigh den Scoil gan cead a fháil roimh ré ó Bhord Rialaithe na Scoile, tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Tá rannpháirtíocht in obair ghairmiúil sheachtrach, nuair a cheadaíonn an Bord é, faoi réir Pholasaí na Comhairle ar Leasanna Seachtracha na Foirne Acadúla.

**Téarmaí Fostaíochta agus Coinníollacha Ginearálta**

**Ceapachán:**
Is í Uachtarán na hÉireann, ar chomhairle ón Rialtas, a cheapann na hOllúna Sinsearacha. Cuireann an Bord moladh faoi bhráid an Aire chun duine ainmnithe a cheapadh mar Ollamh Sinsearach agus cuireann an tAire an tairiscint faoi bhráid an Rialtais.

**Tuarastal:**
Is é tuarastal an Ollaimh Shinsearaigh d'earcaigh nua san earnáil phoiblí (agus fostaithe sa tseirbhís phoiblí atá ann cheana ar ráta RPP) ná €185,784 faoi láthair. Beidh tuarastal níos ísle i gceist d'fhostaithe atá san earnáil phoiblí cheana féin ar ráta Neamh-RPP(€177,608).

**Suíomh Oibre:**
Tá Scoil an Léinn Cheiltigh suite ag 10 Bóthar Burlington. Caithfidh an té a cheapfar cónaí laistigh de 80 ciliméadar ó Lár Chathair Bhaile Átha Cliath.

**Saoire Breoiteachta:**
Tugtar saoire bhreoiteachta ar aon dul le rialacháin shaoire bhreoiteachta na hearnála poiblí (IR 124 na bliana 2014 agus IR 384 na bliana 2015). Ciallaíonn sin go bhfuil an ball foirne i dteideal:

Suas le seacht lá saoire fhéindeimhnithe íoctha i dtréimhse rollach dhá bhliain.

Suas le 92 lá (deireadh seachtaine san áireamh etc.) saoire bhreoiteachta deimhnithe dochtúra ar a mhéad ar phá iomlán i dtréimhse bliana, agus 91 lá ar a mhéid (lena n-áirítear deireadh seachtaine srl.) ar leathphá ina dhiaidh sin, faoi réir uasmhéid 183 lá (lena n-áirítear deirí seachtaine etc.) i dtréimhse rollach 4 bliana.
I gcás tinneas criticiúil, déantar teidlíocht na saoire bhreoiteachta a dhúbailt, faoi réir rialacha na scéime.

**Saoire bhliantúil**
Is é an liúntas saoire bliantúla don té a cheapfar ná 30 lá oibre gan laethanta saoire bainc agus saoire poiblí a áireamh ach laethanta dúnta na Nollag san áireamh. Tugtar saoire de réir an Achta um Eagrú agus Am Oibre 1997. Ní mór an liúntas saoire reachtúil (20 lá) a thógáil sa bhliain saoire ina bhfabhraítear é nó laistigh de shé mhí ó thús na chéad bliana saoire eil

**Pinsean**

Braithfidh téarmaí pinsin agus coinníollacha aoise scoir ar stádas an an té a cheapfar. De ghnáth:

(a) Beidh éinne nach raibh post inphinsin sa tSeirbhís Phoiblí roimhe seo aige/aici sa 26 sheachtain roimh an gceapachán ina mball de Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair (Scéim Aonair) ar cuireadh tús léi ar an 1 Eanáir 2013 (Lena mbaineann Alt 10 de Phinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) den Acht 2012). Is í an íosaois scoir reatha ná 66 bliain do chomhaltaí na Scéime Aonair. Tá an scor éigeantach nuair a thagann an duine in aois 70 bliain.

(b) Éinne a bhí ina bhall de "scéim pinsean na seirbhíse poiblí a bhí ann roimhe seo" mar atá mínithe in Acht na bPinsean Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 agus nach gcáilíonn do bhallraíocht den Scéim Aonair, beidh an duine sin i dteideal téarmaí cuí an phinsin faoi Scéim Aoisliúntais Foirne IALBÁC (tá na sonraí fúithi ar fáil ó Oifig an Chláraitheora). Braithfidh coinníollacha na haoise scoir ar cé acu is iontrálaí nua na bliana 2004 nó iontrálaí neamh-nua é an duine faoi fhorálacha an Achta um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004. I gcás éinne a mheastar a bheith ina (h)iontrálaí nua sa bhliain 2004, níl aon aois scoir leagtha síos ann faoi láthair. Is í an íosaois ag a bhfuil pinsean iníoctha ná 65 bliain. I gcás éinne a mheastar nach iontrálaí nua é/í, tá an scor éigeantach nuair a thagann sé/sí in aois 70 bliain. Is í 60 bliain an íosaois ag a bhfuil pinsean iníoctha.

Is í dhá bhliain an tseirbhís íosta chun inphinsin a bhaint amach. Déanfar asbhaintí de réir rialacha na scéime ón dáta tosaithe ag an duine sin.

Nuair a thairgtear an post, cinnfidh IALBÁC, i bhfianaise stair fostaíochta na Seirbhíse Poiblí (agus/nó) fostaíocht eile an té a cheapfar, téarmaí agus coinníollacha an phinsin cuí a bheidh i bhfeidhm ar feadh tréimhse an cheapacháin. Caithfidh an té a cheapfar an stair iomlán aige sa tseirbhís phoiblí a nochtadh. Cuirfear na sonraí faoi na forálacha pinsin cuí in iúl nuair a chinntear stádas an bhaill sin.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil teorainn 40 bliain ar an tseirbhís iomlán is féidir le duine aonair a fhabhrú chun críche an phinsin ó ilscéimeanna na hearnála poiblí. Tá an uasteorainn sin comhionann le uasmhéid gnáth sochair phinsin a íoctar le seirbhíseach poiblí a bhfuil 40 bliain seirbhís inphinsin acu. Tháinig an teorainn 40 bliain seo, dá bhforáiltear san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile), 2012, i bhfeidhm ar an 28 Iúil 2012.

**Teacht ar ais in earnail na seirbhíse poiblí**

D'fhéadfaí cosc a chur ar iarratas ar an bpost ó aon iarfhostaí de chuid na hearnála poiblí a d'fhág/a d'imigh imigh ar scor faoi théarmaí scéimeanna dreasachta/comhaontuithe scoir ar leith lena mbaineann srianta ar aon athfhostaíocht san earnáil phoiblí. Caithfidh gach iarrthóir a bhí ag obair san earnáil phoiblí roimhe seo a dhearbhú ar bhain said leas as aon scéim dreasachta luathscoir/iomarcaíochta de chuid na Seirbhíse Poiblí.

**Costais Aistrithe**

Íocfar an costas iomlán a bhaineann le gnáthearraí teaghlaigh a aistriú, laistigh de theorainneacha réasúnta, ar an mbonn go socróidh an té a cheapfar go seolfaidh trí chomhlacht aistrithe a gcuid meastachán go díreach chuig an Rannóg Airgeadais. Is faoin Oifig Airgeadais a bheidh an cinneadh maidir leis an meastachán a nglacfar leis.

**Scrúdú Leighis**

Beidh ar an té a n-éiríonn leis/léi sa chomórtas dul faoi scrúdú leighis réamhfhostaíochta.

**Próiseas an Iarratais**

Ba cheart litir iarratais, maraon le CV, lena n-áirítear mionliosta na bhfoilseachán maille le hainmneacha triúr moltóirí, a uaslódáil mar chomhad amháin pdf ar chóras earcaíochta ar líne IALBÁC faoi 01/08/2024. Ba cheart don iarrthóir sonraí teagmhála a gcuid moltóirí ainmnithe a chur ar fáil sa doiciméad uaslódáilte agus ba chóir dóibh a chinntiú go mbeidh na moltóirí ar fáil chun teistiméireachtaí a chur ar fáil.